# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Eolas Tosaigh

A Phríomhoide, a chara,

Faoi mar is eol duit, bhí athbhreithniú agus athfhorbairt á ndéanamh ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* le blianta beaga anuas. Tá curaclam reatha na Matamaitice ar an bhfód le breis agus 20 bliain agus tá mórán athruithe tagtha ar oideachas na matamaitice ó dheireadh na1990idí. D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) curaclam matamaitice nua trí chur chuige i gcomhar, ar chuir taighde, rannphháirtíocht le pobail scoile, comhairliúchán forleathan agus plé fairsing bonn eolais faoi. An ní ba shuntasaí ar fad faoi mhúnlú churaclam na matamaitice ná an comhairliúchán le leanaí, a chinntigh go bhfuil a ndearcadh siúd maidir le foghlaim na matamaitice san áireamh sa churaclam nua.

Cuireadh an fhoghlaim thábhachtach ón taithí luath a bhí ag múinteoirí agus ag ceannairí scoile ar thabhairt isteach *Churaclam Teanga na Bunscoile* laistigh de chomhthéacs a seomraí ranga san áireamh freisin sa phróiseas forbartha agus athbhreithnithe.

Tá *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* ann do gach múinteoir agus ceannaire scoile i ngach bunscoil agus scoil speisialta agus cuireann sé cur chuige ionchuimsitheach agus leanbhláraithe ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú. Leagann sé béim ar chruthaitheacht, cuir chuige spraíúla maidir le foghlaim, fadhbréiteach agus eispéiris atá múnlaithe ag leanaí. Tá sé ag teacht go hiomlán leis an bhfís, leis na prionsabail agus leis na ráitis ar fhoghlaim, teagasc agus measúnú i *gCreatchuraclam na Bunscoile*, a sheol an tAire Norma Foley TD níos luaithe i mbliana.

Tabharfar *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* isteach i ngach bunscoil agus scoil speisialta i mí Mheán Fómhair 2023. Rachaidh scoileanna agus múinteoirí i dtaithí ar an gcuraclam nua le linn scoilbhliain 2023/2024 agus oibreoidh siad i dtreo fheidhmiú an churaclaim ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé (céimeanna 1 – 4) ó mhí Mheán Fómhair 2024.

Beidh curaclam na matamaitice ar fáil ar líne ó mhí Mheán Fómhair 2023 agus déanfar cóip de dhoiciméad an churaclaim do gach múinteoir agus gach ceannaire scoile a dháileadh ar scoileanna i ndiaidh an tseolta. Eiseoidh an Roinn Oideachais ciorclán i mí Mheán Fómhair 2023 ina dtabharfar tuilleadh sonraí maidir le *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* agus an tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bheidh ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí.

Tuigimid go mbeidh am agus dua ag baint leis an athrú curaclaim seo. Chun tacú le rannpháirtíocht, foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú múinteoirí agus ceannairí scoile maidir le dul i dtaithí ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* agus é a fheidhmiú,

déanfar sraith de thacaíochtaí ardchaighdeáin um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.  Soláthróidh an Roinn, i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (a ndéanfar Oide, seirbhís tacaíochta chónasctha na Roinne do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, de ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) treoir agus deiseanna foghlama gairmiúla sna blianta seo amach romhainn.

Ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh, cuirfidh Oide réimse cuimsitheach tacaíochtaí aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil do scoileanna chun *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* (CMB) a chur i láthair, a fheidhmiú agus a leabú thar chreat forleathan FGL ina mbeidh trí chéim. I gcás scoileanna speisialta, cuirfidh foireann Bunscoile CNOS an tsraith chuimsitheach tacaíochtaí sin ar fáil.

Laistigh den chéad chéim (2023-2024) beidh siad seo a leanas san áireamh sna tacaíochtaí:

- **Físeán Eolais:** Sa léiriú ar líne seo cuirfear CMB i láthair na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta go léir agus tabharfar forléargas ar chreat an FGL, go háirithe maidir leis an gcéad dá chéim a bhaineann le taithí a fháil ar *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* agus é a fheidhmiú
- **Seimineár scoile agus ceannairí curaclaim:** (Meán Fómhair – Samhain 2023): Sa seimineár aghaidh ar aghaidh seo a mhairfidh ar feadh lá iomlán, cuirfear CMB i láthair na gceannairí bunscoile agus scoileanna speisialta go léir agus tabharfar forléargas ar na tacaíochtaí FGL atá ar fáil. Beidh an seimineár sin á éascú ag comhairleoir Oide (a dtabharfar Ceannaire Foghlama Gairmiúla air/uirthi ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh) i gcás bunscoileanna, nó ag CNOS i gcás scoileanna speisialta
- **Imeachtaí Comhoibríocha ar líne do cheannairí scoile agus curaclaim:** (Samhain 2023 – Meitheamh 2024): Beidh na pobail tacaíochta ar líne sin á dtreorú ag Ceannaire Foghlama Gairmiúla (CFG) de chuid Oide, i gcás bunscoileanna, nó ag Comhairleoir Curaclaim Bunscoile de chuid CNOS, i gcás scoileanna speisialta
- **Lá dúnta scoile** (Samhain 2023 – Meitheamh 2024): Déanfar dáta a shannadh do na bunscoileanna go léir chun oibriú le CFG de chuid Oide chun iniúchadh a dhéanamh ar CMB. Déanfar scoileanna beaga agus meánmhéide a bhailiú le chéile don lá seo taobh amuigh den suíomh agus beidh an tacaíocht á fáil ag scoileanna móra ar an suíomh. I gcás scoileanna speisialta, déanfaidh Comhairleoir Curaclaim Bunscoile de chuid CNOS lá dúnta scoile a shannadh agus a éascú
- **Clinicí ar líne** (Eanáir 2024 – Bealtaine 2024): Cuirfear rochtain rialta ar CFG de chuid Oide, nó ar Chomhairleoir Curaclaim Bunscoile de chuid CNOS, ar fáil do cheannairí scoile agus curaclaim, chun ceisteanna ar bith a fhreagairt de réir mar a thosaíonn bunscoileanna agus scoileanna speisialta ag tabhairt isteach CMB
- **Sraith ceardlann ar líne Muinín** (Eanáir 2024 – Meitheamh 2024): Sa tsraith seo de cheardlanna roghnacha ar líne do mhúinteoirí déanfar iniúchadh ar na

cúig shnáithe de CMB. Beidh na grúpaí dírithe ar chéimeanna. Beidh an tsraith ceardlann seo á héascú ag CFG de chuid Oide agus beidh sí ar fáil do gach scoil

- **Mol foghlama ar líne de chuid Oide:** Cuirfear stór acmhainní ar fáil ó thús na bliana chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile gnéithe de CMB a iniúchadh agus cuirfear leo de réir mar is gá
- **Ábhar tacaíochta sa bhreis:** Chomh maith leis sin, déanfar rannpháirtíocht FGL a dhearadh agus a chur ar fáil tríd an mol foghlama ar líne de chuid Oide chun cabhrú le scoileanna agus le ceannairí curaclaim chun CMB a thabhairt isteach laistigh dá gcomhthéacs féin. Cuirfear nasc ar fáil freisin chuig tacaíochtaí CNOS do Churaclam na Bunscoile.

Beidh tacaíochtaí sa bhreis um fhorbairt ghairmiúil maidir le bunscoileanna agus scoileanna speisialta ar fáil i gcéim 2 (2024-2025) agus i gcéim 3 (2025 agus ina dhiaidh sin). Cuirfear iad sin in iúl do scoileanna i gciorclán amach anseo.

Ina theannta sin, déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta foireann uirlisí a fhorbairt chun tacú le múinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* á úsáid acu. Déanfar an fhoireann uirlisí a uasdátú go rialta sna blianta amach romhainn.

Tá gá le cumarsáid leanúnach le baill uile phobal na scoile le linn phróiseas an athraithe maidir le curaclam na bunscoile.  I dtaca leis sin, tá straitéis chuimsitheach chumarsáide curtha i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais.

Is mian linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le ceannairí scoile, múinteoirí agus le baill uile na foirne scoile as bhur dtiomantas maidir le hoideachas a chur ar ár leanaí. Is mór ag an Roinn Oideachais bhur ngairmiúlacht.

Evelyn O' Connor

Evelyn O'Connor
Príomhoifigeach – an tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

**An Roinn Oideachais**
Department of Education

15  Bealtaine 2023